

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/702 ÓN gCOIMISIÚN**an 5 Bealtaine 2022****maidir le tintiúr choinnle Muire a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú thintiúr choinnle Muire. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le tintiúr choinnle Muire a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, breiseán atá le haicmiú sa chatagóir “breiseáin chéadfacha” agus san fheidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe”.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí tintiúr choinnle Muire a údarú freisin lena úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, ní cheadaítear “comhdhúile blaitithe” a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid thintiúr choinnle Muire in uisce óil a cheadú.
- (5) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) ina thuairimí an 12 Samhain 2019 ⁽²⁾ agus an 24 Meitheamh 2021 ⁽³⁾ nach bhfuil éifeacht dhíobhálach ag tintiúr choinnle Muire ar shláinte ainmhithe, ar shláinte an tomhaltóra ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Ní fhéadfaí teacht ar chonclúidí, áfach, i gcás ainmhithe fadsaolacha (peataí agus ainmhithe eile nach ainmhithe bia iad, capaill agus ainmhithe lena n-atáirgeadh). Chinn an tÚdarás freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoir deirmeach/súile nó íogróir craicinn é tintiúr choinnle Muire, in éagmais sonraí. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2019;17(12):5910.⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(7):6711.

- (6) Chinn an tÚdarás go bhfuil tintiúr choinnle Muire aitheanta chun bia a bhlaistiú agus go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, is atá aige i mbia, agus mar sin, meastar nach gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha, tuarascáil arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (7) Léiríonn an measúnú ar thintiúr choinnle Muire go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú faoi mar a shonraítear san larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (8) Cé nach n-údaráítear tintiúr choinnle Muire lena úsáid mar bhlastán in uisce óil, ní chuirtear bac ar a úsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tsubstaint a shonraítear san larscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán “breiseáin chéadfacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa “comhdhúile blaitithe”, údaráítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san larscríbhinn sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
						mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha
Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe

2b475(m)-t	-	Tintiúr choinnle Muire	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Tintiúr choinnle Muire a dhíorthaítear ó <i>Verbascum thapsus</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr choinnle Muire a dhíorthaítear ó <i>Verbascum thapsus</i> L. mar a shainmhínítear ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾. Ábhar tirim: ≤ 3 % Tuaslagóir (uisce/eatánól): ≤ 97,5 % Luaith: ≤ 0,3 % Acúibín: ≤ 0,006 % Polaifeanóil: ≤ 0,22 % Cion iomlán na bhflavonóideach (coibhéisí d'aigéid chlóraigineacha): ≤ 0,10 % <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Le haghaidh tréithriú thintiúr choinnle Muire:	Sicíní lena ramhrú Turcaithe lena ramhrú Muca lena ramhrú Laonna lena ramhrú Uain agus meannáin lena ramhrú Salmainidí, seachas iad siúd a úsáidtear chun críoch atáirgthe Coiníní lena ramhrú		-	50	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna teoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear an meascadh le breiseáin bheatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna acúibín sna hábhair bheatha agus sa bheatha cumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus do na súile.	26 Bealtaine 2032
------------	---	------------------------------	---	--	--	---	----	---	----------------------

			— An modh meá-mhéadrach chun an caillteanas mar gheall ar thriomú agus an cion luatha a dhearbhu. — An modh speictreafótaiméadrach chun cion iomlán na bpol-aifeanól a dhearbhu — Modh crómatagrafaíochta caolchisil ardfheidhmíochta (HPTLC) chun cion iomlán na n-aigéad feanólach a dhearbhu.						
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ *Natural sources of flavourings – Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)].

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailise ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>